

## Comhaontú na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe

Cé go n-aithnímid go bhfuilimid ar chéimeanna difriúla ar an aistear chuig todhchaí inbhuanaithe a bhaint amach, agus go bhfuil tosaíochtaí straitéiseacha difriúla againn ag brath ar na huailmhianta straitéiseacha, réimsí saineolais agus cultúir eagraíochtúla atá againn

### Iarrann an Comhaontú seo orainn, mar ollscoileanna agus coláistí an domhain

na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a leabú inár gcuid teagaisc, taighde, ceannaireachta, oibríochtaí, riaracháin agus gníomhaíochtaí.

### Aithnímid, mar shínitheoirí an chomhaontaithe:

- An nasc doroinnte agus idircheangailte atá idir na Spriocanna – Daoine, Saibreas, An Pláinéad, Comhpháirtíocht agus Síocháin
- Go bhfuil dualgas orainn, mar theagascóirí, ról lárnach agus claochlaitheach a ghlacadh i gcur i bhfeidhm na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe faoi 2030

### Agus dearbhaímid dá réir:

Go ndéanfaimid mar cheannairí nó mar chleachtóirí, acadóirí, mic léinn nó taighdeoirí:

- Ár gcuid forbairtí móra ar fad a ailíniú leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, agus na cuspóirí agus táscairí a bhaineann leo, inár gcuid teagaisc, taighde, ceannaireachta, oibríochtaí, riaracháin agus gníomhaíochtaí;
- Iarracht chun ár bpobal ar fad a ghríosadh le bheith páirteach sa ghluaiseacht seo – mic léinn, léachtóirí, taighdeoirí, an fhoireann phroifisiúnta, pobail áitiúla agus páirtithe leasmhara ina measc;
- Comhoibriú le hinstiúidí eile atá tar éis an comhaontú seo a shíniú i gcathracha, réigiúin, tíortha agus ilchríocha eile mar chuid den chomh-iarracht idirnáisiúnta;
- Bealaí uathúla chun eolas agus scoláireacht a roinnt lenár bpobail áitiúla agus dhomhanda chun na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a chur chun cinn;
- Tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú ar an dul chun cinn atá déanta ag an Ollscoil chun na Spriocanna a chur chun cinn agus ar na rudaí breise gur féidir linn a dhéanamh.